



An Bhruiséil, 8 Nollaig 2017
(OR. en)

14079/17

SAN 400
TELECOM 273
DATAPROTECT 178

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	8 Nollaig 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14078/17 + COR1
Ábhar:	An tSláinte sa tSochaí Dhigiteach – asnamh a dhéanamh sa nuálaíocht shonraí-bhunaithe i réimse na sláinte – Conclúidí ón gComhairle (8 Nollaig 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSláinte sa tSochaí Dhigiteach - asnamh a dhéanamh sa nuálaíocht shonraí-bhunaithe i réimse na sláinte, a ghlac an Chomhairle ag an 3583ú cruinniú a bhí aici ar an 7 agus an 8 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis
an tSláinte sa tSochaí Dhigiteach – ascnamh a dhéanamh
sa nuálaíocht shonraí-bhunaithe i réimse na sláinte**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

MEABHRAÍTEAR DI

1. Faoi Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is ceart ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú don duine nuair a bhíonn beartais agus gníomhaíochtaí uile an Aontais á sainmhíniú agus á gcur chun feidhme, agus is ceart do gach gníomhaíocht de chuid an Aontais a bheith ina comhlánú ar bheartais na mBallstát, agus urraim á tabhairt do fhreagrachtaí na mBallstát i leith shainmhíniú a mbeartas sláinte féin agus i leith eagrú agus seachadadh seirbhísí sláinte agus cúraim leighis. Ba cheart don Aontas comhar na mBallstát i réimse na sláinte poiblí a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, tacú lena ngníomhaíochtaí agus, go háirithe, an comhar a spreagadh ina measc ar mhaithe le feabhas a chur ar chomhlántacht na seirbhísí sláinte acu sna ceantair trasteorann.
2. Tá béim curtha roinnt uaireanta ag an gComhairle¹ ar a thábhachtaí atá sé, mar fhreagairt ar na dúshlán choiteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht na gcóras sláinte, go dtabharfaí san áireamh gach cur chuige agus samhail nuálach don chúram sláinte, agus go n-imeofaí ó na córais ospidéal-lárnaithe i dtreo an chúraim chomhtháite, go neartófaí cur chun cinn na sláinte agus cosc na ngalar, agus go gcuirfí i bhfeidhm an leigheas pearsantaithe, ach go dtabharfaí aird san am céanna ar an acmhainneacht a bhíonn in uirlisí agus i seirbhísí rShláinte.
3. Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 maidir le cúram sláinte sábháilte, éifeachtúil tríd an rShláinte².

¹ Féach: Conclúidí ón gComhairle an 6 Meitheamh 2011: Córais sláinte atá nua-aimseartha, freagrúil agus inbhuanaithe a chur ar aghaidh, IO C 202, 8.7.2011, lch. 10; Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2013: Córais sláinte atá nua-aimseartha, freagrúil agus inbhuanaithe a chur ar aghaidh, IO C 376, 8.7.2013, lch. 3; Conclúidí ón gComhairle an 20 Meitheamh 2014 maidir leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus cúram sláinte, IO C 217, 10.07.2014, lch. 2; Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2015 maidir leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus cúram sláinte, IO C 421, 17.12.2015, lch. 2;

² IO C 302, 12.12.2009, lch. 14

4. An rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2015 maidir le cúram sláinte níos sábháilte san Eoraip: cur le sábháilteacht othar agus dul i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha³, ina n-iarrtar go scrúdófaí na féidearthachtaí a bhaineann leis an rShláinte i dtaca le sábháilteacht othar a fheabhsú, *inter alia* trí ríomhthaifid sláinte agus uirlisí sláinte móibíleacha, agus go ndéanfaidh na Ballstáit comhar treisithe le chéile i dtaca lena dtaithí agus a n-eolas a chomhroinnt.
5. An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip' a glacadh ar an 6 Bealtaine 2015⁴ agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta rRialtais an Aontais lena gcuirfear dlús le claochlú digiteach rialtas, a glacadh ar an 19 Aibreán 2016⁵.
6. An Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Plean Gníomhaíochta rShláinte an Aontais Eorpaigh 2012-2020 - Cúram nuálach sláinte don 21ú haois' a glacadh ar an 6 Nollaig 2012⁶ agus an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Eanáir 2014 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta rShláinte 2012-2020 – Cúram nuálach sláinte don 21ú haois⁷.
7. An Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Maidir le córais éifeachtacha, inrochtana agus athléimneacha sláinte'⁸ a glacadh ar an 4 Aibreán 2014, ina n-aithnítear an ról tábhachtach a bhíonn ag an rShláinte mar thacú le hathléimneacht na gcóras sláinte.

TUGANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS DÁ hAIRE

8. Tá dúshlán choiteanna le sárú ag na Ballstáit a bhaineann leis an méadú atá tagtha ar a fhorleithne atá galair ainsealacha agus lena theoranta atá acmhainní daonna agus airgeadais éirithe chun inbhuanaitheacht na gcóras sláinte acu a áirithiú, agus chun freastal ar na héilimh mhéadaitheacha a ghabhann le daonraí atá ag dul in aois. Ina theannta sin, tá dúshlán choiteanna le sárú acu a bhaineann le bagairtí sláinte trasteorann.

³ P8_TA(2015)0197
⁴ COM(2015) 192 final
⁵ COM(2016) 179 final
⁶ COM(2012) 736 final
⁷ P7_TA-PROV(2014)0010
⁸ COM(2014) 215 final

9. Fágann an treo domhanda atá faoin digitiú go bhfuil gach sochaí de chuid na linne seo ag éirí níos sonraí-bhunaithe agus go mbíonn an pobal ag brath anois ar uirlisí digiteacha sa saol príobháideach agus sa saol gairmiúil. Tá an méid sin ina chúis freisin leis an athrú atá ag teacht ar mheon agus ar thnúthán na ndaoine i dtaca leis an dóigh a gcuirtear cúram sláinte ar fáil.
10. Tá deiseanna nua ag teacht sa saol anois a bhuí le mórshonraí⁹ agus leis an bhfeabhas atá tagtha ar acmhainní anailísíochta sonraí¹⁰, chomh maith leis an leigheas pearsantaithe, de bhrí go bhfuil córais tacaíochta á n-úsáid ag gairmithe sláinte tráth a mbíonn cinneadh clínicíúil le déanamh, agus de bhrí go mbíonn uirlisí sláinte soghluaiste á n-úsáid ag daoine aonair chun bainistiú a dhéanamh ar a sláinte féin agus ar riochtaí ainsealacha. Tá gá le heolas agus le scileanna nua in earnáil na sláinte má táthar le bheith in ann leas a bhaint as na deiseanna sin.
11. I dtaca leis na réitigh dhigiteacha agus córais faisnéise éagsúla a bhíonn in úsáid faoi láthair sna córais sláinte agus sna córais cúraim shóisialta, is minic nach mbíonn siad comhoiriúnach le chéile agus nach féidir sonraí a mhalartú nó a chomhroinnt astu leis na córais náisiúnta ná sin a dhéanamh thar teorainn amach.¹¹ Bíonn sin ina bhac ar inúsáidteacht agus ar sholáimhsitheacht na réiteach sin, ardaíonn na costais a bhaineann le forbairt agus cothabháil, agus cuirtear bac ar leanúnachas an chúraim.
12. Is ann fós do bhacainní ar acmhainneacht na sláinte digití gona cúram gaolmhar a mhéadú – an lámh in uachtar a bheith fós ag stóir sonraí, easpa idir-inoibritheachta agus caighdeán coiteann chun torthaí clínicíúla agus torthaí arna dtuairisciú ag othair a thomhas, úsáid agus rochtain teoranta mórbhunachar sonraí chun críocha taighde agus nuálaíochta, easpa maoinithe agus dreasachtaí airgeadais, margaí ilroinnte ar fud an Aontais agus ar fud an speictrim seirbhísí – agus tá an dul chun cinn i gcur chun feidhme na réiteach sonraibhunaithe in earnáil na sláinte fós teoranta.

⁹ [Big Data for Advancing Dementia Research. An Evaluation of Data Sharing Practices in Research on Age-related Neurodegenerative Diseases](#)

¹⁰ [Data-driven Innovation for Growth and Well-being](#), Deireadh Fómhair 2015, ECFE

¹¹ [Benchmarking Deployment of eHealth among General Practitioners 2013 \[Tagarmharcáil maidir le soláthar r-shláinte i measc dochtúirí ginearálta 2013\]](#) (SMART 2011/0033)

CUIREANN SÍ BÉIM AR AN MÉID SEO A LEANAS:

13. Ní mór na córais sláinte a oiriúnú ar bhonn leanúnach chun freastal ar thnúthán na saoránach gona riachtanais sláinte agus cúraim. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach fáilte a chur roimh na deiseanna atá le tairiscint ag an tsochaí dhigiteach ionas gur fearr is féidir le daoine a sláinte féin a thuiscint agus a bhainistiú agus rochtain níos éasca a bheith acu ar fhaisnéis agus ar uirlisí digiteacha.
14. Ba cheart riachtanais na saoránach a bheith i gcroílár na nuálaíochta sonraibhunnaithe cúraim sláinte, agus aitheantas a thabhairt ar dhaoine mar ghníomhairí i dtaca lena dturas sláinte féin agus cóireálacha níos beaichte agus níos pearsantaithe a chur ar fáil dóibh, mar aon le heispéaras sláinte a mbeidh siad féin níos rannpháirtí ann, agus tacú san am céanna leis an ról a bhíonn ag gairmithe sláinte, agus feabhas a chur ar an idirghníomhú agus ar an gcumarsáid a dhéanann siad leis na hothair.
15. Is croíphrionsabal de chuid *acquis* cosanta sonraí an Aontais ceart na saoránach ar rochtain a fháil ar a gcuid sonraí leighis féin. Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta ná do na forais dhlíthiúla a bhíonn le próiseáil sonraí sláinte, tá gá le córais agus uirlisí solúbtha ionas gur féidir le saoránaigh rochtain a fháil ar a gcuid sonraí féin agus ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí, agus ionas gur féidir leo a dtoiliú a bhainistiú i dtaca le próiseáil agus comhroinnt a gcuid sonraí sláinte, lena n-áirítear úsáid thánaisteach. Beidh sin ina chuidiú chun léargas a thabhairt do dhaoine ar an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí sláinte, agus ina chuidiú le smacht níos fearr a bheith acu air sin, rud a chuirfidh chun cinn an mhuinín agus an trédhearcacht, á chur san áireamh nach ionann dearcadh ná rogha do gach duine ó thaobh rochtain a fháil agus bainistiú a dhéanamh ar a gcuid sonraí ar líne.¹²
16. Ba cheart go mbeadh réitigh dhigiteacha ina rannchuidiú chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní cúraim sláinte agus chun cúram sláinte níos comhtháite agus níos sábháilte, a bheidh spriocdhírthe ar bhealach níos fearr, a chur ar bun. Nuair a chomhroinntear faisnéis idir gairmithe sláinte, feabhsaítear sábháilteacht na n-othar, laghdaítear líon na mbotún inseachanta agus na dteagmhas díobhálach, agus feabhsaítear comhordú agus leanúnachas an chúraim, agus is fearr a chloítear leis an gcóir leighis a bhíonn á tabhairt.¹³

¹² De réir [Eorabharaiméadar Speisialta 460](#) *Eorabharaiméadar Speisialta 460 Attitudes towards the impact of digitisation and automation on daily life* [Tuairimí i leith thionchar an digitithe agus an uathoibrithe ar an saol ó lá go lá] (2017), ba mhaith le breis agus a leath díobh siúd a ghlac páirt rochtain ar líne a bheith acu ar a gcuid sonraí sláinte (52 %) agus bheadh seachtar as gach deichniúr (70 %) sásta a gcuid sonraí sláinte agus folláine a thabhairt do dhreamanna eile. Leis an dochtúir nó leis an ngairmí cúraim sláinte atá acu is túisce a roinnfidís a gcuid sonraí (65 %)

¹³ [Improving Health Sector Efficiency. The role of Information and Communication Technologies](#) (ECFE, 2010)

17. Is den tábhacht go n-éascófaí malartú trasteorann ar shonraí sláinte laistigh den Aontas Eorpach chun leanúnachas an chúraim a áirithiú go trasteorannach freisin, i gcomhréir le Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar a chur i bhfeidhm i gcúram sláinte trasteorann.¹⁴
18. Nuair a bhíonn fáil ag lucht taighde agus nuálaíochta ar shonraí sláinte inchomparáide agus ardchaighdeáin, bítear in ann eolas nua a chruthú ionas gur féidir galair a chosc, diagnóis níos túisce agus níos fearr a dhéanamh, an chóireáil a fheabhsú, go háirithe trí thacú le leigheas pearsantaithe, rud a bhíonn ina rannchuidiú le córais cúraim sláinte a fhorbairt. I réimse na ngalar neamhchoitianta agus na ngalar tearc agus casta, tá sé fíor-thábhachtach gur féidir tacair sonraí as foinsí sonraí difriúla agus as foinsí trasteorainneacha a chumasc.
19. I dtaca le bagairtí sláinte trasteorann de bhunadh bitheolaíoch, ceimiceach, comhshaoil agus anaithnid a chomhrac¹⁵ – agus i dtaca le frithsheasmhacht fhrithmhicróbach agus le hionfhabhtuithe a bhaineann leis an gcúram sláinte – is den bhunriachtanas go ndéanfaí sonraí sláinte a mhalartú go trasteorannach agus go mbeadh ann an bonneagar sonraí a ghabhann lena leithéid. Baineann an-acmhainn go deo le comhroinnt sonraí ardcháilíochta agus acmhainní anailísíochta chun cúnamh a thabhairt ráigeanna galar tógálach a chosc, a luath-bhrath, agus a choinneáil faoi smacht.
20. Tig le margadh digiteach aonair do theicneolaíochtaí faisnéise (TF) a úsáidtear i réimse na sláinte, mar aon le saorghluaiseacht sonraí, borradh a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme réiteach teicneolaíochta nuálach sonraíbhunaithe ionas go mbeidh torthaí sláinte níos fearr agus caighdeán saoil feabhsaithe ag othair, rud a áiríteoidh go mbeidh táirgí agus seirbhísí ann atá idir-inoibritheach agus sábháilte, agus áisiúil don úsáideoir.
21. Tá an-acmhainneacht sna córais sláinte freisin chun teannadh a chur leis an bhfás eacnamaíoch, agus baineann deiseanna eacnamaíocha leo, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a mbíonn réitigh dhigiteacha shonraíbhunaithe nuálacha á bhforbairt acu.

¹⁴ Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm

¹⁵ Mar atá leagtha amach i gCinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE. IO L 293, 5.11.2013, lgh. 1–15; <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32013D1082>

22. Má táthar leis na bacainní sin atá roimh mhéadú na hacmhainneachta a bhaineann leis an tsláinte dhigiteach gona cúram gaolmhar san Eoraip a shárú, tá gá le sraith chuimsitheach de ghníomhaíochtaí anuas ar na deiseanna a eascraíonn as an margadh aonair digiteach agus anuas ar phrionsabal na saorghluaiseachta sonraí agus ar na prionsabail bhunúsacha a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta rRialtais an Aontais.
23. Agus uirlisí digiteacha sa chúram sláinte á ndearadh agus á gcur chun feidhme, ní mór aird chuí a thabhairt ar cheanglais maidir le cáilíocht, sábháilteacht, slándáil agus cosaint sonraí, ar ghnéithe eiticíúla, agus ar na difríochtaí a bhíonn le sonrú i dtaca leis an litearthacht dhigiteach agus leis an litearthacht sláinte, d'fhonn nach gcruthófar tuilleadh den éagothroime sláinte. Ina theannta sin, is áis thábhachtach úsáid na n-uirlisí digiteacha chun an litearthacht sláinte a fheabhsú, *inter alia*, trí thacú leis an gcumarsáid idir gairmithe sláinte agus othair.
24. Is den rí-thábhacht cosaint sonraí agus slándáil faisnéise chun muinín an phobail as seirbhísí sláinte digiteacha a choinneáil. Dá bhrí sin, ní mór go gcuirfí chun feidhme gan mhoill creat dlí an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí¹⁶, slándáil gréasán agus faisnéise¹⁷ agus sainaithint leictreonach shlán¹⁸.
25. Chun an mhuinín agus an trust as seirbhísí sláinte digiteacha a choinneáil ar bun, tá sé tábhachtach an fheasacht a mhéadú trí straitéisí cumarsáide a fhorbairt do lucht déanta beartas, gairmithe sláinte agus saoránaigh maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an tsláinte dhigiteach i dtaca le feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim sláinte, agus tá sé tábhachtach freisin trédhearcacht a bheith ann i dtaca le húsáid sonraí sláinte.
26. Ach comhordú agus comhar a bheith ann i réimse na sláinte digití, beidh na Ballstáit in ann dlús a chur le cur chun feidhme nuálaíochtaí digiteacha sna córais sláinte acu, foghlaim ó chéile agus leas a bhaint as cuir chuige chomhchuibhithe, agus lánurraim á tabhairt dá gcuid inniúlachtaí náisiúnta féin. Dá bhrí sin, ní mór dlús a chur leis an gcomhar praiticiúil idir na Ballstáit.

¹⁶ RIALACHÁN (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

¹⁷ Treoir (AE) 2016/1148 maidir le slándáil líonraí agus córas faisnéise (Treoir NIS).

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (Rialachán eIDAS).

27. Bíonn ról tábhachtach ag sásraí cistiúcháin an Aontais i dtaca le tacaíocht a thabhairt do bhonneagair uile-Aontais sonraí i réimse an taighde agus i dtaca le réitigh TF a fhorbairt i réimse na sláinte, agus gearáil a dhéanamh ar infheistíochtaí na mBallstát ar mhaithe leis na réitigh sin a chur chun feidhme ar mórskála.

IS DÍOL SÁSAIMH DI AN MÉID A LEANAS:

28. An dul chun cinn a rinneadh sna Ballstáit maidir le cur chun feidhme na rShláinte agus go bhfuil córais ríomhthaifid sláinte agus ríomhoidis in úsáid cheana féin nó ar tí a bheith in úsáid i bhformhór na mBallstát.¹⁹²⁰
29. An obair a dhéantar faoi chuimsiú an Líonra rShláinte²¹ a bunaíodh faoi Threoir 2011/24/AE agus faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach an Aontais chun tacú leis an Líonra rShláinte, ar mór an cuidiú é chun iarrachtaí na mBallstát a chomhordú i réimse na rShláinte, lena n-éascaítear malartú trasteorann sonraí sláinte laistigh den Aontas.
30. An dul chun cinn atá déanta maidir leis an mBonneagar Eorpach um Sheirbhís Dhigiteach na rShláinte (eHDSI) a bhunú²² arna chistiú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa²³ chun achoimrí othar agus ríomhoidis a mhalartú go trasteorannach.
31. An obair a rinne na Líonraí Tagartha Eorpacha²⁴ chun ardán tiomnaithe TF a bhunú chun saineolas, malartú faisnéise agus foghlaim fhrithpháirteach a chomhthiomsú, ina n-aithnítear acmhainneacht na líonraí sin chun comhroinnt faisnéise a fheabhsú ar mhaithe le diagnóis níos fearr a dhéanamh, agus ar mhaithe le taighde agus le nuálaíocht, go háirithe i réimse na ngalar neamhchoitianta agus na ngalar tearc agus casta.

¹⁹ [From innovation to implementation – eHealth in the WHO European Region](#) (2016, EDS)

²⁰ [Overview of the national laws on electronic health records in the EU Member States \[Forléargas ar na dlíthe náisiúnta maidir le ríomhthaifid sláinte i mBallstáit an Aontais Eorpaigh\]](#) (2014)

²¹ Féach https://ec.europa.eu/health/ehealth/policy/network_en

²² Féach <https://ec.europa.eu/cefdigital/wiki/display/CEFDSIS/eHealth+2.0>

²³ Arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

²⁴ https://ec.europa.eu/health/ern/policy_en

32. Na comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh ón mbun aníos ar an rShláinte, a seoladh mar chuid den Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le haosú gníomhach folláin²⁵, ar áiseanna tacaíochta tábhachtacha iad chun eolas agus dea-chleachtas a aistriú idir réigiúin agus chun tabhairt ar gheallsealbhóirí sna hearnálacha poiblí agus príobháideach oibriú le chéile.
33. An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú Meántearma ar chur chun feidhme na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach²⁶, lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le claochlú digiteach i gcúrsaí sláinte agus cúraim.
34. Rannpháirtíocht agus tiomantas na ngeallsealbhóirí arna gcur in iúl leis an dearbhú maidir le Sochaí na Sláinte Digití a glacadh ag an gcomhdháil ardleibhéil "Sláinte sa tSochaí Dhigiteach. An tSochaí Dhigiteach ar son na Sláinte", a bhí ar siúl ar an 16-18 Deireadh Fómhair 2017 i dTaillinn, lenar seoladh tascfhórsaí il-gheallsealbhóirí chun gníomhú le haghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le húsáid na nuálaíochta digití ar mhórsála i réimse na sláinte.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

35. Leanúint de bheartais a chur chun feidhme a thacaíonn leis an nuálaíocht dhigiteach in earnáil na sláinte, leanúint den infheistíocht in uirlisí agus i modheolaíochtaí sonraíbhunaithe agus leanúint de bheith á n-úsáid go gníomhach, ar uirlisí iad lenar féidir seirbhísí sláinte a chur ar fáil atá sábháilte agus ar ardchaighdeán agus lenar féidir tacú le córais sláinte inbhuanaithe.

²⁵ Féach Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Feabhra 2012 maidir le Plean Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí maidir le haosú gníomhach folláin a chur ar aghaidh ([COM\(2012\) 83 final](#)) agus an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le haosú gníomhach folláin https://ec.europa.eu/eip/ageing/home_en

²⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Athbhreithniú Meántearma ar chur chun feidhme na Straitéise don Mhargadh Aonair Digiteach. Margadh Aonair Digiteach Nasctha do Chách ([COM\(2017\) 228 final](#))

36. Mar chuid dá straitéisí náisiúnta agus dá bpleananna gníomhaíochta don tsláinte dhigiteach:
- uirlisí digiteacha iomchuí a chur ar fáil leis an bhfaisnéis sláinte pearsanta a bhainistiú ionas gur féidir leis na saoránaigh teacht ar a gcuid sonraí sláinte féin agus iad a úsáid, i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus, i gcás inarb iomchuí, ionas gur féidir sonraí sláinte a chomhroinnt go slán, agus sonraí arna nginiúint ag an úsáideoir féin a chomhtháthú le sonraí leighis.
 - bearta a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar inchomparáideacht, cruinneas agus iontaofacht na sonraí sláinte, agus chun daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as sonraí sláinte ionas gur féidir córais sláinte a bheith ann atá níos trédhearcaí agus níos dírithe ar an othar, ar córais iad a dhíríonn ar na torthaí sláinte agus ar bheartas sláinte fianaisebhunaithe agus ar chinnteoireacht fhianaisebhunaithe, agus a chuirfidh an nuálaíocht shonraíbhunaithe chun cinn.
 - Athbhreithniú a dhéanamh, nuair is ábhartha agus iomchuí, ar na creata náisiúnta dlí agus riaracháin atá ann faoi láthair, chun deireadh a chur le bacainní ar shonraí a mhalartú agus a chomhroinnt idir gairmithe sláinte ar mhaithe le sábháilteacht agus leanúnachas an chúraim, agus chun gur féidir leas a bhaint as sonraí sláinte don taighde agus don nuálaíocht, i gcomhréir iomlán leis na ceanglais maidir le cosaint sonraí.
 - gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar na scileanna digiteacha atá ag na saoránaigh agus ag gairmithe sláinte, *inter alia* trí oiliúint a thairiscint do ghairmithe sláinte maidir le húsáid uirlisí digiteacha agus dul i dteagmháil le saoránaigh agus leis an tsochaí shibhialta d'fhonn muinín an phobail a chothú mar aon le tacaíocht do roinnt sonraí chun tairbhe na sláinte.
37. Creataí rialachais fóna láidre a bhunú maidir le sonraí sláinte, mar atá leagtha amach sna moltaí ó ECFE maidir le rialachas sonraí sláinte²⁷, ar mhaithe le príobháideacht agus sláine sonraí sláinte a áirithiú.
38. Oibriú i gcomhar le chéile chun an cóineasú atá riachtanach a éascú sa chur chuige rialála agus rialachais maidir le húsáid sonraí sláinte chun críocha taighde agus nuálaíochta, trí na cleachtais is fearr a shainaithint agus a chur chun cinn i dtaca le húsáid na gcoimircí iomchuí maidir le cosaint sonraí agus rialachas sonraí sláinte laistigh den Aontas, agus, más iomchuí, dul i dteagmháil leis na comhlachtaí atá freagrach as cosaint sonraí, mar shampla faoi chuimsiú an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí dá bhforáiltear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

²⁷ a glacadh ar an 17 Eanáir 2017, ag Cruinniú Aireachta Sláinte ECFE

39. Úsáid a bhaint as an gcomhar réigiúnach agus déthaobhach nó iltaobhach i measc na mBallstát agus, de réir mar is iomchuí, plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara eile maidir le tionscnaimh a rachaidh i gcion gan cheist ar bhonn trasteorann agus ar féidir leo tionchar suntasach a imirt ar an gcaoi a gcuirtear chun feidhme réitigh dhigiteacha i réimse na sláinte.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

40. Oibriú as lámh a chéile, go háirithe laistigh den Líonra rShláinte, ar mhaithe le córais faisnéise sláinte a bheith ann, atá idir-inoibritheach agus ar furasta iad a úsáid, lenar féidir feistí pearsanta sláinte a nascadh agus lenar féidir le soláthraithe sláinte agus le soláthraithe cúraim agus le hothair idirghníomhú agus malartú faisnéise níos fearr a dhéanamh le chéile.
41. Leanúint den obair ar chaighdeán agus idir-inoibritheacht na rShláinte agus leanúint dá sruthlíniú, agus an Creat Eorpach um Idir-inoibritheacht na rShláinte²⁸ a fhorbairt agus a shíneadh a thuilleadh, úsáid caighdeán oscailte idirnáisiúnta a chur chun cinn ionas nach mbeidh réitigh dhílsithe ina siocair le díoltóirí a ghaibhniú²⁹, rud is cúis le hardú ar chostais forbartha agus cothabhála TF, agus tacú le malartú faisnéise maidir le samhlacha rialachais ar mhaithe le comhlíonadh caighdeán a threisiú.
42. A n-úsáid seo a leanas a chur chun cinn – struchtúir choiteanna sonraí, córais agus téarmaeolaíochtaí códúcháin, caighdeán choiteanna chun torthaí cliniciúla agus torthaí arna dtuairisciú ag othair a thomhas – ar mhaithe leis an idir-inoibritheacht shéimeantach, an cháilíocht, agus inchomparáideacht sonraí a fheabhsú.
43. Treisiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a fheabhsaíonn an tslándáil sonraí, trí fhorbairt agus úsáid na dteicneolaíochtaí sin a neartaíonn an príobháideacht agus an príobháideacht trí dhearadh a chur chun cinn, trí fhaisnéis a mhalartú faoi na huirlisí teicniúla agus modheolaíochtaí atá ar fáil chun sonraí a mhalartú go slán idir eagraíochtaí agus daoine aonair údaraithe agus chun sonraí pearsanta sláinte a bhainistiú.

²⁸ [Creat scagtha maidir le hIdir-Inoibritheacht na rShláinte](#) a ghlac an Líonra rShláinte i mí na Samhna 2015.

²⁹ Féach an teachtaireacht ón gCoimisiún '*Against lock-in: building open ICT systems by making better use of standards in public Procurement*' [Ar cheann an ghaibhnithe: córais oscailte TFC a thógáil trí úsáid níos fearr a bhaint as caighdeán sa soláthar poiblí] a glacadh ar an 25 Meitheamh 2013 COM(2013) 455 final.

44. An taithí a mhalartú, dea-chleachtais a aistriú, agus cuir chuige choiteanna a fhorbairt chun an tsábháilteacht, an cháilíocht, an tslándáil agus an idir-inoibritheacht a áirithiú i dtaca le feidhmchláir agus uirlisí móibíleacha don tsláinte, agus san am céanna, coimircí iomchuí a sholáthar chun an trust a mhéadú agus chun tacú leis an nglacadh a bheidh ar na réitigh seo lena ndéantar an tsláinte a chur chun cinn ar bhealach níos fearr, galair a chosc agus galair ainsealacha a bhainistiú, agus aird á tabhairt ar an gcuid sin de reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le feistí leighis, de réir mar is iomchuí.
45. Leanúint de na hiarrachtaí chun an Bonneagar Eorpach um Sheirbhís Dhigiteach na rShláinte (eHDSI) a chur chun feidhme go rathúil agus machnamh a dhéanamh maidir le leathnú feidhme a thabhairt don mhalartú trasteorann ar shonraí sláinte de thaca le ríomhthaifid sláinte is inrochtana ag na saoránaigh a mhalartú go trasteorannach, sainaitheint agus anailís a dhéanamh ar chásanna nua úsáide a thacaíonn leis an gcúram sláinte trasteorann agus a rannchuidíonn le leanúnachas an chúraim.
46. Cur leis na tionscnaimh arb ann dóibh faoi láthair faoin Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach amhail an Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta³⁰, an EuroHPC³¹ agus Néal Eolaíochta Oscailte Eorpach, oibriú le chéile mar mhaithe le feabhas a chur ar an rochtain ar na tacair mhóra sonraí san Eoraip, ar shonraí fadama agus ar bhonneagar ardfheidhmíochta ríomhaireachta den chéad scoth chun críocha taighde sláinte agus nuálaíochta, agus ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú san am céanna.
47. Anuas ar na tionscnaimh sin de chuid na mBallstát agus an Aontais, arb ann dóibh cheana féin, agus trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha³², machnamh a dhéanamh maidir le líonraí díláraithe agus ardáin choiteanna a chruthú do shonraí ionas gur féidir anailís agus comhtháthú sonraí a dhéanamh i dtimpeallacht shlán, ach stóráil neamhriachtanach sonraí i dtaisclann lárnach de chuid an Aontais a sheachaint, agus tacú le tionscnaimh cur chun feidhme ar mórsála, mar shampla sa leigheas pearsantaithe (agus géanómaíoch).
48. Leanúint dá gcomhoibriú i dtaca le clárlanna agus ardáin um ghalair choiteanna, amhail an tArdán Eorpach do Ghalair Neamhchoitianta a Chlárú, agus bunachar sonraí Orphanet,³³ a chuireann uirlisí idir-inoibritheachta den chéad riachtanas ar fáil chun taighde a dhéanamh ar ghalair neamhchoitianta.

³⁰ *Communication from the Commission on European Cloud Initiative – Building a competitive data and knowledge economy in Europe* [Teachtairacht ón gCoimisiún maidir le [Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta - Geilleagar iomaíoch sonraí agus eolais a fhorbairt san Eoraip](#)] a glacadh ar an [19 Aibreán 2016 – COM\(2016\) 178 final](#)

³¹ <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/eu-ministers-commit-digitising-europe-high-performance-computing-power>

³² Amhail an clár IMI2 Mórshonraí ar mhaithe le Torthaí níos Fearr (<http://www.imi.europa.eu/>), BBMRI ERIC (<http://www.bbmri-eric.eu/>) agus cinn eile nach iad.

³³ www.epirare.eu/ www.orpha.net

49. Oibriú le chéile chun feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar an anailísíocht sonraí, agus ar an gcóras tacaíochta a bhíonn ag lucht cinnteoireachta, ionas bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a thuair, a chosc agus a rialú.
50. Úsáid níos fearr a bhaint as sásraí cistiúcháin de chuid an Aontais, amhail an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)³⁴, Cistí Struchtúracha an Aontais, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus Fís 2020³⁵ chun tacú le cur chun feidhme sláinte digití ar mórsála, trí fheabhas a chur ar na sineirgí i dtaca le húsáid chostéifeachtach a bhaint as cistí Aontais agus as cistí náisiúnta, trí thosaíochtaí coiteanna a shainaithint agus a fhorbairt, agus sásraí agus dreasachtaí iomchuí maoiniúcháin a fhorbairt chun tacú le hidir-inoibritheacht an bhonneagair sláinte dhigitigh.
51. Machnamh a dhéanamh maidir le critéir agus táscairí coiteanna a chomhaontú a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le glacadh na sláinte digití agus chun an tionchar a bheidh ag réitigh dhigiteacha a mheasúnú, agus na creataí reatha á gcur san áireamh³⁶.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

52. Leanúint dá thacaíocht do na hiarrachtaí atá ar siúl ag na Ballstáit trí dhea-chleachtais agus fianaise a bhailiú agus a mheasúnú chun tacú le haistriú na gcleachtas sin agus trí fheasacht a chruthú faoin tsláinte dhigiteach.
53. Tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta sin de chuid an Aontais arb ann di cheana a bhaineann le cosaint sonraí, sainaithint leictreonach agus slándáil faisnéise in earnáil na sláinte, *inter alia* trí dhea-chleachtais a shainaithint agus malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú, d'fhonn malartú trasteorann sonraí a éascú agus aird a thabhairt ar riachtanais shonracha na hearnála sláinte, agus lánurraim á léiriú d'inniúlachtaí na mBallstát.

³⁴ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta.

³⁵ Féach <http://ec.europa.eu/programmes/horizon2020/en>

³⁶ Féach an Creat Faireacháin agus Measúnaithe don Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le haosú gníomhach folláin (MAFEIP) <https://ec.europa.eu/jrc/en/mafeip> agus an [tuarascáil dar teideal Nordic eHealth Benchmarking ó Chomhairle na nAirí Nordacha](#)

54. Leanúint dá thacaíocht chun an Bonneagar Eorpach um Sheirbhís Dhigiteach na rShláinte a chur ar siúl sna Ballstáit uile agus seirbhísí trasteorann nua a chur chun feidhme, agus treise a chur ag an am céanna leis an obair atá ar siúl cheana chun na dúshlán dhlíthiúla, theicniúla agus shéimeantacha a shárú agus an chomhsheasmhacht a áirithiú idir bonneagair dhifriúla TF, go háirithe eHDSI agus ardán tiomnaithe TF na Líonraí Tagartha Eorpacha.
55. Leanúint dá thacaíocht don taighde agus don nuálaíocht i réimse na sláinte digití, agus tacaíocht a chur ar fáil d'institiúidí eolaíochta agus do chuideachtaí nuálacha a bhfuil réitigh sláinte digití á bhforbairt acu, go háirithe na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).
56. Tacú leis na Ballstáit maidir le bonneagar idir-inoibritheach náisiúnta a fhorbairt agus a chur á úsáid chun sonraí sláinte a chomhroinnt agus a mhalartú, agus fócas ar leith ar shamhlacha don chúram príomhúil agus comhtháite, tacaíocht a thabhairt chun seirbhísí sláinte éifeachtúla agus ardchaighdeán a chur ar fáil, agus seirbhísí malartaithe sonraí trasteorann a ghlacadh faoi chuimsiú eHDSI ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil.
57. Leanúint dá thacaíocht do chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha ar fud na hEorpa agus do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara amhail an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le haosú gníomhach folláin, arb é is aidhm di saoránaigh a chumhachtú agus cur chun feidhme an mhargaidh aonair don tsláinte dhigiteach agus don chúram digiteach a éascú.
-